

Oifigeach Cléireachais (Tacaíocht Dhlíthiúil agus Chorparáideach)

Poist Chonradh ar Théarmaí Buana agus Seasta

Tá an-áthas orainn ár gComórtas d'Oifigeach Cléireachais (Tacaíocht Dhlíthiúil agus Chorparáideach) a sheoladh

 Dáta Deiridh: **15/11/2022**

 Am Dúnta: **3.30i.n.**

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Léigh go cúramach le do thoil

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagann sí iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus taitní éagsúil acu. Tá faisnéis bhreise ar éagsúlachtaí sonracha sa rannán “Conas Iarratas a Dhéanamh”.

<https://www.dppireland.ie/ga/working-with-us>

Reáchtálfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo de réir an Chóid Chleachtais um Cheapacháin chun Post sa Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí ullmhaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsíonn an CPSA cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

Cinntigh le do thoil go léann tú an Leabhrán Eolais Feachtais seo go mion agus go

dtuigeann tú an próiseas go hiomlán.

Le haghaidh fiosruithe neamhfhoirmiúla maidir leis an bpost agus leis an tsonraíocht phoist a iarraidh, déan teagmháil le:

Odpp@lexconsultancy.ie

CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR.....	2
AN OIFIG	3
AN RÓL.....	5
RIACHTANAIS RIACHTANACHA	5
RIACHTANAIS INMHIANAITHE.....	5
PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE - OIFIGEACH CLÉIREACHAIS	6
AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN.....	12
AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN.....	12
CEARTA NA NIARRTHÓIRÍ: CEARTA NA NIARRTHÓIRÍ: NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN BPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN	15
OIBLEAGÁIDÍ NA NIARRTHÓIRÍ	16
NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ.....	16
AGUISÍN 1: INCHÁILITHEACTH CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACTH	17
AGUISÍN 2: INNIÚLACHTAÍ	19

Oifigeach Cléireachais in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Éilíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar Oifigh Chléireachais folúntais sa Rannán Dlí agus Corparáideach a líonadh san Oifig ó am go ham. Conradh buan nó conradh ar théarma seasta a bheidh i gceist leis na poist. Cuirfidh an Oifig painéal Oifigeach Cléireachais ar bun. De réir mar a thagann folúntais chun cinn san Oifig ag leibhéal Oifigeach Cléireachais, úsáidimid daoine ón bpainéal seo.

An Oifig

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le dlí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is é ár misean Seirbhís Ionchúisimh a chur ar fáil atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil sna cúirteanna thar ceann Phobal na hÉireann; stiúran agus maoiríonn sé/sí ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé/sí treoir agus comhairle ghinearálta don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre agus treoir shonrach i gcásanna den sórt sin nuair a iarrtar í. Tá ár luachanna agus an chaoi a n-oibríonn ár ndaoine mar chroílár an méid a dhéanaimid.

ÁR LUACHANNA:

OUR MISSION:
To deliver a fair, independent and effective prosecution service on behalf of all the people of Ireland

 Integrity <ul style="list-style-type: none">Acting honestly, fairly, consistently and objectively, in accordance with the Code of EthicsMaking fair and right decisions based on evidenceProviding accurate information	 Independence <ul style="list-style-type: none">Upholding the independence of the Office of the DPPActing impartially without fear, favour, bias or prejudice, in line with the Guidelines for Prosecutors and Code of EthicsRemaining unaffected by individual or sectional interests and public or media pressure, having regard only to the public interest	 Excellence <ul style="list-style-type: none">Delivering fair, independent, professional services to the highest standardsContinuously improving our service, responding proactively to changing needs, challenges, opportunitiesInfluencing and shaping improvements in the criminal justice system	 Respect <ul style="list-style-type: none">Treating everyone with fairness, respect and dignityListening to the perspective of stakeholders	 Collegiality <ul style="list-style-type: none">Valuing the contributions of everyone in the delivery of the prosecution service.Building strong relationships and working collaboratively with stakeholders, national and internationalSharing our knowledge and expertise with others
---	---	---	---	--

Tá ceithre rannóga ag Oifig an Stiúirthóra na Ionchúiseamh Poiblí:

1. Tá an **Rannóg Stiúrtha** freagrach as stiúradh foriomlán imeachtaí coiriúla tromchúiseacha. Áirítear leis sin an cinneadh a dhéanamh maidir le hionchúiseamh agus as an gcion. Áirítear ann chomh maith imeachtaí a tharraingt siar nó pléadálacha a ghlacadh maidir le cionta níos lú, agus achomhairc a thionscnamh maidir le pointí dlí nó athbhreithnithe ar phianbhreitheanna atá bog go míchuí a lorg.
2. Tá **Rannóg na nDlíodóirí** freagrach as an tseirbhís dlíodóirí a sholáthar i mBaile Átha Cliath don Stiúirthóir. Áirítear leis seo cásanna indíotáilte a ullmhú go ginearálta, lena n-áirítear leabhair fianaise a ullmhú, treoir a thabhairt agus freastal ar abhcóide ag an éisteacht, ionchúisimh achoimre a stiúradh agus gach cás Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a sheoladh thar ceann an Stiúirthóra.
3. Tá an **Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** freagrach as straitéisí bainistíochta eolais, as freagraí beartais a fhorbairt ar raon saincheisteanna a eascraíonn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, as freagraí a cheapadh de réir mar a éilítear ar reachtaíocht náisiúnta agus AE, as a chinntiú go gcuirtear cearta íospartach a eascraíonn as Treoir Íospartach an AE agus as reachtaíocht náisiúnta i bhfeidhm agus as obair a eascraíonn as comhar idirnáisiúnta agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ionchúisimh.
4. Tacaíonn agus cumasaíonn ár gceathrú Rannán, an **Rannán Seirbhísí Corparáideacha** (CSD) le hobair ár rannáin dlí. Cuireann CSD le cuspóirí foriomlána na hOifige trí chórais láidre rialachais a chur i bhfeidhm chun tacú le hoibríochtaí na hOifige agus rioscaí a bhainistiú go héifeachtach ag an am céanna. I dteannta le hacmhainní daonna agus forbairt eagraíochta, áirítear leis na feidhmeanna sin airgeadas, TFC, saoráidí, oifig na meán agus cumarsáid, rialachas corparáideach, soláthar, bainistíocht straitéiseach, lena n-áirítear bainistiú riosca, Saoráil Faisnéise, dearbhú cáilíochta agus iniúchadh inmheánach.

Is fostóir cuimsitheach forásach í Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí a fhreagraíonn do riachtanais agus roghanna a bhfostaithe. Mar fhostóir, ba mhaith linn daoine maithe a mhealladh agus a choinneáil. Ciallaíonn sé seo cúram a thabhairt dár bhfostaithe. Níl sa ghairm bheatha thaitneamhach dhúshlánach ach ceann amháin de na buntáistí a bhainfidh tú taitneamh as má théann tú isteach san Oifig. Tá go leor polasaithe oibre againn atá oiriúnach do theaghligh, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh réimse socruithe oibre solúbtha agus clár cuimsitheach folláine.

Táimid bródúil as a bheith mar eagraíocht foghlama le tiomantas láidir d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, clár tacaíochta oideachais breise flaithiúil agus réimse deiseanna foghlama agus comhroinnte eolais chun é seo a chumasú. Cuirtear deiseanna ar fáil freisin chun páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre trasranna san Oifig agus chun cur le raon saincheisteanna trínár dtionscnaimh rannpháirtíochta fostaithe.

Tá roinnt bealaí tarraingteacha gairme inár nOifig trí chomórtais inmheánacha agus idir-rannacha le haghaidh ardú céime go gráid níos airde. Is féidir le fostaithe ar spéis leo tabhairt faoi ghairm sa dlí tacaíocht oideachais a fháil agus a bheith incháilithe le breithniú ar ár gClár Aturnae faoi Oilíuint.

An Ról

Beidh ar na hOifigh Chléireachais atá le ceapadh tabhairt faoi réimse dualgas riaracháin a bheidh éagsúil ag brath ar an socrúchán¹.

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar an gcineál oibre a d'fhéadfadh a bheith ar na hoifigh a dhéanamh:

- Dualgais riaracháin ghinearálta e.g., comhaid a oscailt, comhfhreagras a phróiseáil, déileáil le fiosruithe trí ríomhphost agus/nó ar an nguthán, iontráil sonraí ar ár gCóras Bainistithe Cásanna, clúdach fáiltithe, post a láimhseáil, seanchomhaid a chur i gcartlann, doiciméid a scanadh, a íoslódáil agus a fhótachóipeáil;
- A bheith ag tacú le bainisteoirí líne agus le comhghleacaithe agus ag obair mar chuid d'fhoireann maidir le seirbhísí a sholáthar;
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar d'fhoireann Aturnaetha;
- A chinntiú go ndéantar gach fiosrú a bhaineann lena ndualgais a láimhseáil go héifeachtach, go héifeachtúil agus laistigh de na frámaí ama socraithe;
- Córais TFC agus pacáistí caighdeánacha bogearraí a oibriú e.g. r-phost, MS Office, Excel, Córas Bainistithe Cásanna;

Riachtanais Riachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí, ar an 15 Samhain 2022 nó roimhe sin, na nithe seo a leanas a bheith acu:

- An t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn chun an ról a chomhlíonadh;
- Taithí léirithe ar a bheith ag obair as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann;
- Leibhéal maith ginearálta oideachais;
- A bheith 17 mbliana d'aois ar a laghad.

Riachtanais Inmhianaithe

Chomh maith leis an méid thuas, tá na nithe seo a leanas inmhianaithe:

- Scileanna/taithí i Excel agus Word;
- Taithí ar chórais chomhdaithe ríomhairithe
- Taithí ar obair i dtimpeallacht seirbhíse do chustaiméirí

¹ Ós rud é gurb é ionchúiseamh coireachta croí-ghnó na hOifige, beidh roinnt teagmhála ag Oifigh Chléireachais a shanntar do Rannáin Dlí san Oifig le comhaid ionchúisimh, a bhféadfadh ábhar a bheith iontu a d'fhéadfadh a bheith anacrach do dhaoine áirithe.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Oifigeach Cléireachais

Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de chumhacht na huaire maidir leis an Státseirbhís.

Pá

Seo a leanas tuarastal an phoist:

PPC (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta)² Scála Pá le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2022:

€26,599	€28,277	€28,697	€29,527	€30,750	€31,972	€33,193
€34,082	€35,089	€36,259	€37,084	€38,242	€39,393	
€41,190	€42,602	€43,249				
NMAX	LSI 1	LSI 2				

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana (LSI2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d'fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

D'fhéadfadh an ceapachán a bheith ina phost buan nó ina phost sealadach sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh do phost buan ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear ar an gconradh. Beidh an conradh le haghaidh poist shealadach ar feadh tréimhse a shonrófar sa chonradh. Beidh iarrthóirí a bhfuil conradh téarma sheasta (FTC) ón bhfeachtas seo á dtairiscint dóibh fós á mbreithniú i ndáil le haon phost buan amach anseo. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh thíos, ní choiscfidh sé sin síneadh a chur leis an gconradh promhaidh in imthosca iomchuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh do fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúirthóir(i) chun a chinneadh an bhfuil:

- i) Tú feidhmithe ar bhealach sásúil;

²Tá feidhm ag an ráta PPC nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéim ar shlí eile) de réir rialacha a bpríomhscéim/scéim aoisliúntais phearsanta. Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995 agus **nach gceanglaítear** air Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

- ii) Tú sásúil san iompar ginearálta; agus
- iii) Tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreiteachta.

Sula gcuirfean an Conradh Promhaidh i gcrích, déanfar cinneadh ar cé acu an gcoinneofar nó nach gcoinneofar tú de bhun Alt 5A(2) Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005 Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht arna measúnú i gcoinne na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mionsonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Phromhadh.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfar an Conradh Promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

I gcúinsí áirithe féadfar do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí an síneadh a chomhaontú.

- Tá an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreachta a bheith comhsheasmhach le leanúint den phromhadh
- Féadfar an promhadh a chur ar fionraí i gcásanna mar asláithreachta de bharr breiteachta neamh-athfhillteach

Féadfaidh an fostaí, sna cúinsí seo, iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir ar shíneadh le tréimhse an chonartha.

Má bhíonn ceapaí a mhainníonn na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas ina ghrád roimhe sin ina Roinn roimhe seo.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2005

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 -2005 maidir le foirceannadh na fostaíochta de bhrí amháin go bhfuil an Conradh ar théarma seasta imithe in éag gan é a athnuachan.

Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach gabháil do chleachtadh príobháideach ná baint a bheith aige le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil nó a bheadh contrártha ar bhealach ar bith leis an bpost ina bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

Suíomh

Tá an Oifig i mBaile Átha Cliath 7. Mar sin féin, d'fhéadfaí go ndéanfaí an Oifig do cheanncheathrú a athshannadh ó am go ham. Nuair a bheidh tú as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil chuí agus liúntais chothaithe de réir rialacháin na státseirbhíse.

Uaireanta Freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dtorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Leis an ráta luacha saothair atá iníoctha clúdaítear aon dliteanas um fhreastal breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Saoire Bhliantúil

22 lá oibre a bheidh sa liúntas saoire bhliantúil, ag ardú go 23 lá tar éis seirbhís 5 bliana, 24 lá tar éis 10 mbliana seirbhíse, 25 lá tar éis 12 bhliain seirbhíse agus 26 lá tar éis 14 bliana seirbhíse sa ghrád. Tá an lamháltas sin, atá faoi réir ag na coinníollacha gnáthúla maidir le saoire bhliantúil a dheonú, bunaithe ar sheachtain chúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh leis.

Saoire Bhreiteachta

Beidh pá le linn asláithreachta bhreiteachta deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, de réir na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breiteachta) (IR 124 de 2014), na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breiteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015) agus aon ciorclán ábhartha

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir ag an oifigeach ag déanamh na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go hiondúil, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallaíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie/ga/

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin na ndaoine a cheapfar i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 bliain d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí scéime éirí as nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir CPI).
- Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI

Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go bhfuil pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí á íoc beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fórlacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na fórlacha lacáiste, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaitheach le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin chuig an bpost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.
- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
- Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadú ciorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfidh láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhir an duine mar mhúinteoir (s.é. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).
- **Droch-Shláinte-Scoir**
Tabhair faoi deara, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar fhorais easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhu, ag an gcéim iarratais tosaigh, go bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an CEM chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an riocht ina bhfuil siad cáilithe le haghaidh IHR á gcur san áireamh.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an gcomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má mheastar a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte státseirbhíse.
2. Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chríochnú nó má chinneann sé/sí a phost sannta a fhágáil, ní féidir aisiompú ar stádas IHR na státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athchur, a bhí ann roimh an iarratas agus níl teidlíocht ann dó.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige.

Ceapachán tar éis scor easláinte ón Státseirbhís

1. I gcás ina bhfuil duine éirithe as comhlacht Seirbhíse Poiblí, d'fhéadfá a p(h)insean easláinte as an bhfostaíocht sin a athbhreithniú de réir na rialacha maidir le scor easláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, tar éis dó/di a bheith ceaptha, beidh ar an iarratasóir a dhearbhu cibé an bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí (easláinte nó eile) á fháil aige/aici agus d'fhéadfadh laghdú a bheith i gceist ar phinsean na Seirbhíse Poiblí.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil [tríd an nasc seo](#) nó ar iarratas chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Fabhrú Pinsin

Teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo an phinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (s.é. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta;** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach le do thoil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie/ga/

Rúndacht, Discreíd agus Caighdeán Iompraíochta: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil:

Le linn théarma an chonartha phromhaidh, beidh oifigeach faoi réir ag Forálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdraithe le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Beidh an ceapáí faoi réir ag Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

Faomhadh roimh ré maidir le foilseacháin:

Comhaontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údraithe cuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

Tabhair faoi deara:

Mar Fhostóir Rogha tá go leor polasaithe oibre solúbtha agus teaghlaigh ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna le haghaidh cianoibre, a dhéantar sa Státseirbhís ar bhonn cumaisc. Tabhair faoi deara le do thoil, féadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, áfach, is faoi rogha an fhostóra é seo agus socraítear é de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe le bheith ina liosta uilechuimsitheach de théarmaí agus de choinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba cheart iarratais a dhéanamh trí r-phost chuig odpp@lexconsultancy.ie

Ní mór d'iarrthóirí ár bhfoirm iarratais a úsáid agus ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú ina hiomláine. Mura ndéantar an t-iarratas a chomhlánú mar atá leagtha amach san alt seo d'fhéadfadh an t-iarratas a bheith ar neamhní.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

Dáta Deiridh

Caithefear d'iarratas a chur isteach trí r-phost tráth nach déanaí ná 3.30i.n. ar an 15 Samhain 2022 Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ó iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le: Lex Consultancy at 01-6633030 or odpp@lexconsultancy.ie

Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil gach cumarsáid ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ní ghlacann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí aon fhreagracht as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir rochtain air/uirthi nó nach bhfaigheann sé/sí

Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn.

An Próiseas Roghnúcháin

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh go cúramach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí seo a bhaineann leis an ról. Is é leas gach iarratasóra a chinntiú go dtugann a fhoirm/foirm iarratais cuntas mionsonraithe cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm iarratais seo le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar seo a leanas:

Incháilitheacht a Chinneadh

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar comhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

Gearrliostú

Glaofar ar líon cuí iarrthóirí chun agallaimh, ag féachaint do mhéid riachtanach an phainéil i gcomhthéacs an líon post a mheastar a líonfar thar thréimhse an phainéil. Ceapfar Bord Gearrliosta, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ball seachtrach, chun gearrliosta a dhéanamh de na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh dul faoi agallamh.

Agus cinneadh á dhéanamh ar cheart iarrthóirí a chur ar ghearrliosta, scrúdóidh an Bord Gearrliosta foirm iarratais iarrthóra agus déanfaidh sé an t-ábhar seo a mheas i gcoinne na gceanglas maidir leis an ról mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise, agus na hiarrthóirí is fearr a léirigh gur chomhlíon siad na riachtanais don ról a aithint.

D'fhonn a bheith ar an ngearrliosta, beifear ag súil go mbeidh fianaise mhaith ann chun a thaispeáint conas a chomhlíonann an t-iarrthóir an Riachtanas Riachtanach agus na Ceanglais Inmhianaithe atá leagtha amach ar leathanach 5 den Leabhrán Faisnéise seo agus na hInniúlachtaí atá mar atá leagtha amach in Aguisín 2 den Leabhrán Faisnéise seo.

Agallamh

Ceapfar Bord Agallaimh, ar a mbeidh comhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus comhalta seachtrach. Ag an agallamh, féadfaidh an Bord Agallaimh iarrthóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó de na riachtanais riachtanacha nó inmhianaithe mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise agus faoi aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Féadfaidh ballraíocht na mbord roghnúcháin a bheith difriúil ag céimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin.

Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta(i) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

I gcás daoine faoi mhíchumas, má theastaíonn uait go ndéanfaí aon réiteach réasúnta ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin, cuir é sin in iúl trí do chuid riachtanas a lua trí ríomhphost chuig odpp@lexconsultancy.ie. Déanfar gach iarracht na socruithe riachtanacha a dhéanamh chun cabhrú leat.

Scéim Mharcála

Bronnfar na marcanna a thaispeántar sa Leabhrán Faisnéise agus ábhar na foirme iarratais agus an agallaimh á gcur san áireamh. Déanfar gach iarratasóir a mheas faoi na sé cheanteideal a thaispeántar sa tábla thíos. Agus marcanna á mbronnadh, tabharfaidh an bord roghnúcháin aird ar a bhfuil san fhoirm iarratais agus ar fhreagraí ag an agallamh.

Scéim Mharcála	Mark
1. Obair Bhuíne	100
2. Bainistíocht / Próiseáil Eolais	100
3. Torthaí a sheachadadh	100
4. Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide	100
5. Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	100
6. Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí	100
IOMLÁN	600

Leagann an fhoirm iarratais béim ar na teorainneacha focal i Roinn 3 - Riachtanais an Phoist (300 focal in aghaidh an tábla). Má sháraíonn iarratas an teorainn focal féadfar é a mheas neamh-incháilithe lena bhreithniú.

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ar a laghad leath de na marcanna atá ar fáil i ngach ceann de na ceannteidil dá dtagraítear thuas a fháil.

Is féidir le hiarrthóirí leas a bhaint as taithí oibre ábhartha agus/nó as taithí a fuarthas lasmuigh den obair chun a c(h)umas nó a (h)acmhainneacht a léiriú.

Beidh painéal iarrthóirí rathúla mar thoradh ar an gcomórtas seo a úsáidfeadh chun folúntais amach anseo a líonadh.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála

Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfeadh an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfar an fhoirm seo agus ní choinneoidh an Oifig aon taifead.

Má tá cónaí ort i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ag rá nach bhfuil aon chiontuíthe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith do gach tír ina bhfuil cónaí ort. Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Is ortsa atá an fhreagracht imréiteach slándála ar bith a lorg do dhlínsí eile (má bhaineann) go tráthúil mar go dtógfaidh sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag iarrthóirí gur féidir aon fhaisnéis a fhaightear i bpróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

Teistiméireachtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina réiteoirí oiriúnacha, lena n-áirítear d'fhostóir reatha agus go bhféadfaimis dul i gcomhairle (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte le do thoil nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach go díreach roimh duit coinne a thairiscint duit, má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as aon chostais a thabhoídh iarrthóirí a aisíoc.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine chuig comórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir an dlí ón bpost a shealbhú agus nach bhfuil ráthaíocht ann go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach, mar sin, duit a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh.

Sula gceapfar iarrthóir mar Oifigeach Cléireachais, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gach fiosrúchán a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta lena n-áirítear imréiteach slándála curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thabhairt go ndéanfar cinneadh dá leithéid.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, é a scar nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Ceartha na nIarrthóirí: Ceartha na nIarrthóirí: Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsiú ag an CPSA. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí <http://www.cpsa.ie/>

Nuair a bhíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh maidir le hiarratas, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a lorg faoi Alt 7 den Chód Cleachtais: -

- Ní mór don iarrthóir aghaidh a thabhairt ar a (h)ábhairt inní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn, ag leagan amach an bonn atá leis an ngearán a dhéanamh, chuig an Oifigeach Pearsanra, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ar an gcéad dul síos. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as.
- Mar sin féin, i gcás ina mbaineann an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór iarratas ar athbhreithniú a fháil laistigh de 4 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an cinneadh nó laistigh de 2 lá oibre ó chinneadh a fháil faoin bpróiseas neamhfhoirmiúil; ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an próiseas neamhfhoirmiúil a úsáid ag an gcéim eatramhach é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ón dáta a chuirtear an cinneadh in iúl dóibh.
- Agus an toradh á chur in iúl don iarrthóir, a dhéanfar trí thuarascáil i scríbhinn, ba cheart don athbhreithnitheoir tosaigh a chur in iúl go bhféadfá sé/sí tuilleadh athbhreithnithe a lorg tríd an ábhar a tharchur chuig an Eadránaí Cinnidh agus nach mór iarraidh ar é sin a dhéanamh a dhéanamh le 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil.

Sa chás go gcreideann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas cód cleachtais an CPSA, féadfaidh an CPSA fiosrú a dhéanamh air faoi Alt 8 den chód.

Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar canbhásáil agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas dá bharr.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhásáil trí mhealltaí a thabhairt nó gan mealltaí a thabhairt
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Tá aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlitear fíneáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha do phost, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- i gcás ina mbeidh sé/sí ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a Mheas le Bheith Tarraingthe Siar

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallaimh nó ar thástálacha eile ag am agus ag ait arna n-iarraidh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach gcuireann a leithéid d'fhianaise ar fáil, nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh, agus a theastaíonn ón Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar ar bith atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh eile ar bhreitniú acu.

Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas scríofa.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d'ainm, ina bhfuil go leor den fhaisnéis phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis dá leithéid faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig: **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**, ag cinntiú go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead ábhartha a aithint.

Aguisín 1: INCHÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT

Riachtanais Saoránachta: Ní mór ná go mbeidh na nithe a leanas i gceist maidir le hiarrthóirí incháilithe:

- (a) Is saoránach é/í den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) Is saoránach é/í den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- (c) Is saoránach na hEilvéise é/í de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (d) Is saoránach neamh-LEE é/í atá ina chéile/céile nó ina pháiste/páiste shaoránach LEE nó RA nó na hEilvéise agus tá víosa stampa 4 aige/aici; nó
- (e) Is duine é/í dá ndámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó is ball teaghlaigh ar bith é/í atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus tá víosa stampa 4 aige/aici; nó
- (f) Is saoránach neamh-LEE é/í atá ina thuismitheoir/tuismitheoir linbh chleithiúnaigh ar saoránach é/í de bhallstát LEE nó an RA nó na hEilvéise, agus tá sé/sí ina chónaí ansin, agus tá víosa stampa 4 aige/aici.

Chun a cháiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta ar a dtairgtear post ar bith.

Comhaontú Comhchoiteann Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí: Tugadh isteach litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair sa tSeirbhís Phoiblí ag comhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith (de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011) le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

An Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER): Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, iarratas a chur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor mar sin iarratas a chur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010): Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh Scéim Sprice um Luathscoir Deonach (VER) agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (VRS) isteach. Is coinníoll é den Scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe ina iomláine nó i bpáirt le hairgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna maidir le fostaíocht an athuair infheidhme faoi VRS, ach amháin go maireann tréimhse an toirmisc 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as scéim VER cáilithe chun dul in iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VER agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil tugadh Scéim um Iomarcaíocht Dheonach isteach le haghaidh Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dár dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainiúil é den Scéim VER nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair i gcomhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith [de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail

2009 - 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain tar éis dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Ina dhiaidh sin, beidh gá le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostú. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

Dearbhú:

Éileofar ar iarratasóirí chun a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim na Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Éileofar ar iarratasóirí freisin chun aon teidlíochtaí a dhearbhú maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (mar íocaíocht nó caomhnaithe) as fostaíocht eile ar bith sa tSeirbhís Phoiblí nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí.

Aguisín 2: Inniúlachtaí

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an ghnóthachtáil nó an inniúlacht ábhartha ag an iarrthóir rathúil a léiríonn go soiléir a (h)oiriúnacht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an Oifigigh Cléireachais in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Obair Bhuíne

- Meas a léiriú ar do chomhghleacaithe.
- Caidrimh oibre maithe a fhorbairt agus a chothú le daoine eile, ag roinnt eolais agus faisnéis mar is cuí.
- Cumas aige/aici smaointe agus dearcthaí a roinnt
- Tuiscint aige/aici ar a ról san fhoireann, gach iarracht á dhéanamh aige/aici chun a p(h)áirt a ghlacadh

Bainistíocht / Próiseáil Eolais

- Cur chuige agus seachadadh a c(h)uid oibre ar bhealach críochnúil eagraithe.
- Duine a leanann nósanna imeachta agus prótacail, agus a thuigeann an luach agus an bunús atá taobh thiar dóibh.
- Duine a choimeádann taifid ar ardchaighdeán atá éasca a leanúint.
- Duine a tharraingíonn conclúidí iomchuí ón bhfaisnéis.
- Duine a mholann slite nua chun rudaí a dhéanamh níos fearr agus níos éifeachtúla.
- Duine atá compordach ag obair le réimsí eolais difriúla m.sh. i scríbhinn, cairteacha, déanann sé ríomhanna mar uimhríocht, céatadáin srl.

Torthaí a sheachadadh

- Duine a ghlacann freagracht ar a chuid oibre agus a chuireann é i gcrích go dtí an chéad leibhéal cuí eile.
- Duine a chríochnaíonn obair go pras
- Duine a théann in óiriúint ar shlí nua le rudaí a dhéanamh go tapa
- Duine a sheiceálann a chuid oibre go mionn le cinntiú go bhfuil sé déanta go hardchaighdeán agus a fhoghlaimíonn ó bhotúin.
- Duine a scríobhann le gramadach agus litriú ceart agus tagann ar chonclúidí réasúnta ó treoracha i scríbhinn
- Duine a aithníonn agus a thuigeann an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla
- Duine a léiríonn díograis agus solúbthacht agus iad ag cinntiú go ndéanfar an obair
- Duine atá féintuilleamaíoch agus a úsáideann a thuairim maidir le cathain is ceart ceist a chur ar a mbainisteoir nó comhghleacaithe le haghaidh treoir

Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide

- Duine a éistean go gníomhach le daoine eile d'fhonn a ndearcadh/ riachtanais a thuiscint
- Duine a thuigeann na céimeanna nó nósanna imeachta atá le déanamh ag custaiméir agus atá in ann iad seo a mhíniú go soiléir
- Duine a léiríonn meas agus atá béasach agus proifisiúnta, i gcónaí stuama fiú amháin i gcúinsí dúshlánacha
- Duine atá in ann a bheith dian nuair is gá agus cumarsáid a dhéanamh le muinín agus údarásacht
- Duine atá in ann cumarsáid soiléir a dhéanamh agus iad ag scríobh nó ag caint

Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt

- Duine a fhorbraíonn agus a chothabhálann na scileanna agus an saineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, e.g. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, scarbhileoga, Microsoft Office, beartais ábhartha srl.
- Duine a thuigeann an ról, na cuspóirí na spriocanna agus an fheidhm atá acu san aonad oibre.
- Duine atá tiomanta don fhéinforbairt agus atá i gcónaí ag iarraidh féin-fheidhmíocht a fheabhsú.

Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

- Duine atá tiomanta a bheith ag gníomhú ar ard-leibhéal agus seirbhís den scoth a chur ar fáil.
- Duine a fhreastalaíonn ar an Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann.
- Duine atá críochnúil agus coinsiasach, bíodh is gur gnáth-obair atá ann.
- Duine atá díograiseach agus acmhainneach, duine a leanann orthu in ainneoin dúshláin agus buillí.
- Duine atá ionraic agus iontaofa go pearsanta.
- Ionraic i gcónaí, agus a ghníomhaíonn le macántacht.